

## Coláiste Íde

### Polasaí Fón Póca.

Tá polasaí Fón Póca Choláiste Íde i bhfeidhm chun eagar a chuir ar an mbealach a mbaineann na cailíní úsáid as fón póca sa Choláiste, chun leas agus sábháilteacht gach cailín a chosaint, chun a chinntiú go bhfuil gach cailín ag fáil a dhóthain coladh i rith na hoíche agus go speisialta chun aon bhaol nó cás tromafóichta a sheachaint. Cuireann an polasaí seo go leor deiseanna ar fáil do chailíní teagmháil laethúil a dhéanamh leis an mbaile/cairde agus go leor deiseanna chun sóisialú le cailíní Choláiste Íde agus tairbhe a bhaint as saol an Choláiste ag am céanna. Meabhraítear do Thuismitheoirí/Caomhnóirí go bhfuil 2 fón poiblí sa Choláiste atá ar fáil dos na cailíní agus is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí teagmháil a dhéanamh leis an gColáiste uair ar bith ag 066 915 1211 idir 9.00r.n – 5.00 i.n agus ar 085 7652 500 idir 5.00i.n - 9.00r.n.

1. Tá cead ag gach cailín a fón póca a úsáid;
  - a. idir 7.45r.n agus 8.00r.n. gach lá
  - b. 9.00i.n - 10.30i.n (téacs-theachtaireacht amháin idir 10.00i.n – 10.30i.n)
  - c. 4.00i.n agus 5.00 i.n Dé Mairt agus Dé hAoine
  - d. Le linn am saor i rith na deireadh seachtaine go dtí 10.30i.n.
2. Níl ach cead ach **guthán amháin** agus **SIM amháin** a bheith ag gach cailín.
3. Caithfear an guthán a thabhairt suas ag an am ceart i gcónaí
4. Cuir ainm ar an guthán agus ar an luchtóir.
5. Caithfidh an guthán a bheith ar ‘silent’ in airde staighre.
6. Ní cheadaítear guthán **riamh** i Halla an Staidéir, sa Séipéal, nó i ranganna.
7. Níl cead grianghraf a thógaint do chailín(í) eile gan cead a lorg ós na cailín(í) atá i gceist agus níl cead grianghraf don gColáiste nó d’aon chailín(í) a uaslódáil aon suíomh idirlinn/gréasán meáin shóisialta.

#### Má bhristear na rialacha seo, tógfáir na céimeanna seo a leanas;

- 1ú uair – ní cheadófar fón póca a úsáid ar feadh seachtaine
- 2ú uair - ní cheadófar fón póca a úsáid ar feadh 2 sheachtain & cuirfear glaoch teileafón ar tuismitheoirí.
- 3ú uair - ní cheadófar fón póca a úsáid ar feadh mí iomlán & cuirfear tuismitheoirí ar an eolas i scríbhinn.
- 4ú uair - ní cheadófar fón póca a úsáid ar feadh téarma iomlán & cuirfear tuismitheoirí ar an eolas i scríbhinn.
- 5ú uair - ní cheadófar don gcailín fón a bheith aice sa Choláiste feasta & cuirfear tuismitheoirí ar an eolas i scríbhinn.

#### Glacaim le Polasaí Fón Póca Choláiste Íde agus táim sásta clái leis

Sínithe \_\_\_\_\_ (Dalta)

Sínithe \_\_\_\_\_ (Tuismitheoir/Caomhnóir) Dáta \_\_/\_\_/\_\_